

An Saighdiúir Tréigthe

Nuair a d'éirigh mé ar maidin Dé Céadaoine,
Níor choisric mé m'éadan, faraor,
Nó gur bheir mé ar an arm a ba ghéire,
Agus chuir mé a bhéal le cloch fhaobhair.

Chaith mise díom mo chuid éadaigh,
'Gus mo chiall mhaith gur lig mé le gaoth,
Is nuair a chuala mise iomrá ar mo chéadsearc,
Órú, steall mé an chormhéar ón alt díom.

Deir daoine go bhfuil mé tinn tréallach,
Is nach bhfuil faoiseamh ag m'aicíd le fáil,
Ó chuir mé mo spéis ins an spéirbhean,
Tá ina cónaí ar mhalaí an tSléibhe Bháin.

Tá coim aici is gile ná na eala,
Nó an sneachta á shéideadh fán ard,
Tá an rós is an mhil ina héadan,
Is ní fhaca mé aon bhean ní b'fhearr.

Is fada mo chosa gan bróga,
'Gus is faide mo phócaí gan pingin,
Is fada mé ag dul le mná óga,
Ach níor ól mé riamh deoir le mo mhian.

Is fada mo chrá croí á dhéanamh
'Gus mo thumba á phriontáil ag saor,
Mo chónair á tógáil lá earraigh,
'Gus na buachaillí deasa' gabháil faoi.

Le tacaíocht ó

Dá mbeinnse seacht mbliana faoi thalamh,
Nó i bhfiabhras ar leabaidh i mo luí,
A chéadsearc, dá dtiocfá agus mé a fhiafraí
Scéal cinnte go mbeinn leat 'mo shuí.

Ó, nach trua nach marbh a bhí m'athair,
Nuair a chuir sé mé go harm an Rí.
Is gurb í an uaigh ó mo chrualeabaí feasta,
'S a chéadsearc, nach trua leat mo lu

Le tacaíocht ó